# Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí a nascadh le Cláir Foghlama Leibhéal 2

| | Gnéithe de na hAonaid Tosaíochta Foghlama | Torthaí Foghlama Leibhéal 2 | Sonraíocht Churaclaim na Sraithe Sóisearaí: Naisc molta le torthaí foghlama |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid agus Litearthacht | Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint | 1.1 - Éisteacht chun eolas a fháil a bhaineann le níos mó ná rogha amháin<br><br>1.2 - Ceisteanna a chur chun eolas a fháil, *m.sh. Ceisteanna a chur a bhaineann le rogha ábhair le haghaidh tionscadail*<br><br>1.3 - Sraith treoracha labhartha a leanúint faoi stiúir, *m.sh. Breathnú ar léiriú scileanna ó mhúinteoir nó ó phiara*<br><br>1.5 - Páirt a ghlacadh i gcumarsáid phraiticiúil, fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, *m.sh. Scil phraiticiúil a thaispeáint tríd an scil a léiriú do dhuine eile amhail múinteoir nó piara* | 1.13 - an teanga agus na nodaireachtaí teicniúla cuí a úsáid<br><br>1.2 - raon próisis déantúsaíochta a thaispeáint |
| | Iompar neamhbhriathartha a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl | 1.8 - Iompar cuí neamhbhriathartha a úsáid agus smaoineamh simplí á chur in iúl, *m.sh. Líníochtaí nó samhail a úsáid chun smaoineamh tionscadail a chur in iúl*<br><br>1.9 - Freagra nó ceist a chur in iúl go neamhbhriathartha | 2.11 - smaointe a chur i láthair trí shamhaltú agus fréamhshamhlacha, leis na meáin chuí<br><br>2.12 - a chinntí dearaidh a chur in iúl le meáin oiriúnacha<br><br>3.10 - príomhfhaisnéis a léiriú leis na meáin chuí |
| | Ealaíona mothúchánacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh | 1.22 - Páirt a ghlacadh i dtaibhiú nó i gcur i láthair, *m.sh. An phróiseáil a ghabháil a bhaineann le comhpháirt a dhearadh agus a dhéanamh ag úsáid punainne*<br><br>1.24 - Píosa oibre a chruthú i gcomhair taispeántais, m.sh. *Tionscadal a mhonaraigh an scoláire a chur ar taispeáint* | 2.11 - smaointe a chur i láthair trí shamhaltú agus fréamhshamhlacha, leis na meáin chuí<br><br>2.8 - táirge a dhéanamh ó líníocht oibre |
| | Teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid i gcomhair réimse críocha | 1.27 - Trí ghnáthúsáid laethúla na teicneolaíochta a shainaithint, *m.sh. Trí úsáid leis an teicneolaíocht a shainaithint sa seomra ranga, s abhaile agus sa tionscal m.sh. uirlisí cumhachta nó bogearraí rialaithe*<br><br>1.28 - Teicneolaíocht a úsáid a bhfuil trí fheidhm nó níos lú aige go pearsanta, sa bhaile agus ar scoil/ag an obair. | 3.4 - feidhm na gcóras i suíomh innealtóireachta ar nós an tseomra ranga, an bhaile agus an tionscail a fhiosrú<br><br>3.6 - córais bhunúsacha mheicitreonaice a chumrú agus a fheidhmiú le bogearraí cuí<br><br>3.7 - córas bunúsach meicitreonaice a dhearadh leis féin nó go comhoibritheach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | 1.29 - Teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le linn gníomhaíochta le daoine eile, m.sh. Ábhair / bailchríocha éagsúla a thaighde ar an idirlíon chun bailchríoch oiriúnach a roghnú i gcomhair tionscadail.<br><br>1.30 - Píosa trealaimh nua TFC a úsáid, m.sh. *Uirlis ríomhchláraithe a úsáid chun micri-rialaitheoir a rialú*<br><br>1.31 - Ríomhaire pearsanta a chasadh ar siúl agus a mhúchadh go sábháilte<br><br>1.32 - Na siombailí eolais ar an deasc a shainaithint<br><br>1.33 - Eochracha a úsáidtear go minic a úsáid mar is cuí, m.sh. *Orduithe bunúsacha a shainaithint agus a úsáid i mbogearraí ríomhchláraithe chun crua-earraí leictreonacha a rialú*<br><br>1.34 - Pacáiste bogearraí a úsáid, lena gcuimsítear pacáiste a oscailt, téacs/íomhá/sonraí a iontráil agus a láimhseáil, sábháil go comhad, priontáil agus scoir go sábháilte<br><br>1.35 - Rochtain a fháil ar réimsem suíomhanna gréasáin | |
| Uimhearthacht | Feasacht faoi uimhreas a fhorbairt | 2.8 - Uimhreacha suas le 100 a aithint in N<br><br>2.9 - Ionadluach a aithint i ndáil le haonaid, deicheanna agus céadta, *m.sh. Ábhar a thomhas agus a ghearradh tar éis éisteacht le treoracha ó mhúinteoir*<br><br>2.10 - Slánuimhreacha dhá dhigit a bhfuil iomlán níos lú ná 100 acu a shuimiú i gcomhthéacs an ghnáthshaoil<br><br>2.11 - Slánuimhreacha dhá dhigit a dhealú i gcomhthéacs an ghnáthshaoil | 1.9 - próisis déantúsaíochta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun innealtóireacht a dhéanamh ar tháirge<br><br>1.10 - ardchaighdeán oibre a léiriú, agus beachtas agus bailchríoch dromchla san áireamh<br><br>1.12 - líníochtaí oibre a léirmhíniú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Feasacht faoi fhad agus achar a fhorbairt | 2.23 - Foclóir cuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na haonaid faid agus achair<br><br>2.24 - Na haonaid faid agus achair a shainaithint ar rialóir, ar mhéadarshlat agus ar mhiosúr, m.sh. *Rialóir / bacart / cailpéar a úsáid chun faid a thomhas agus a mharcáil go cruinn ar ábhar*<br><br>2.25 - Rialóir a úsáid chun faid dhifriúla línte a tharraingt agus a thomhas<br><br>2.26 - Fad gnáthrudaí a mheas | 1.8 - uirlisí agus trealamh atá oiriúnach do thasc ar leith a aithint<br><br>1.10 - ardchaighdeán oibre a léiriú, agus beachtas agus bailchríoch dromchla san áireamh<br><br>1.12 - líníochtaí oibre a léirmhíniú |
| | Áireamhán a úsáid | 2.28 - Na digití 0-9 agus an pointe deachúlach agus cnaipí riachtanacha oibríochtaí (+, -, ÷, =) a aimsiú ar áireamhán<br><br>2.29 - Áireamhán a úsáid chun fadhbanna simplí a réiteach, m.sh. *Áireamhán a úsáid chun na tomhais a theastaíonn ar ábhar a shuimiú nó a dhealú* | 1.12 - líníochtaí oibre a léirmhíniú |
| | Feasacht spáis a fhorbairt | 2.32 - Foclóir cuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar threo, *m.sh. Seasamh cuí coirp a léiriú le linn líomhadh / sábhadh a dhéanamh*<br><br>2.36 - An corp nó baill den chorp a úsáid chun bogadh i dtreo ar leith, m.sh. *Luamhán fotha a bhogadh sa treo ceart chun an mhír druilire a oibriú i bpíosa oibre* | 1.13 - an teanga agus na nodaireachtaí teicniúla cuí a úsáid<br><br>1.2 - raon próisis déantúsaíochta a thaispeáint |
| | Feasacht ama a fhorbairt | 2.52 - Fadhbanna chun imeacht ama a réiteach, *m.sh. Plean oibre a scríobh do na céimeanna atá i gceist i dtasc praiticiúil, lena n-áirítear an t-am measta i gcomhair gach céime* | 2.10 - teicnící bunúsacha bainistíochta tionscadal a chuimsiú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cúram Pearsanta | Cúram maith pearsanta laethúil a fhorbairt | 3.1 - Cleachtais riachtanacha cúram pearsanta laethúla a shainaithint, *m.sh. Teicnící níochán láimhe a thaispeáint tar éis tasc láimhe a dhéanamh*<br><br>3.2 - Cur síos a dhéanamh ar na bealaí is tábhachtaí chun an corp a choinneáil glan<br><br>3.6 - Dhá nó trí chúis a lua chun aire a thabhairt d'earraí pearsanta, *m.sh. Cúiseanna a liostú a gcoinnítear uirlisí / trealamh i gcóir mhaith chun oibre*<br><br>3.7 - Éadaí cuí a shainaithint le haghaidh réimse gnáthghíomhaíochtaí ag an mbaile, ag an obair agus sa phobal, *m.sh. Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) agus éide chuí a úsáid le linn trealamh leictreach amhail druilire a úsáid* | 1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo |
| | Eolas ar chonas | 3.27 - Rioscaí sábháilteachta tábhachtacha a shainaithint san ionad oibre/sa bhaile/sa phobal, *m.sh. Na rioscaí sábháilteachta a bhaineann le huirlisí / le hinnealra a aithint*<br><br>3.28 - A thuiscint nuair atá sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt, *m.sh. Droch-chleachtas sábháilteachta a aithint*<br><br>3.29 - Cleachtais laethúla a chuireann sábháilteacht phearsanta chun cinn a ainmniú, *m.sh. Cleachtais thábhachtacha sábháilteachta sa seomra ranga Innealtóireachta a ainmniú*<br><br>3.30 Cur síos a dhéanamh ar fhreagra cuí nuair a shainaithnítear riosca, *m.sh. Cur síos ar an rud is cóir a dhéanamh má aithnítear go bhfuil riosca sa seomra Innealtóireachta* | 1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo<br><br>1.2 - raon próisis déantúsaíochta a thaispeáint |
| | Cinntí pearsanta a dhéanamh | 3.44 - Na roghanna agus iarmhairtí a bhaineann le cinneadh gearrthéarmach a bhfuiltear ar tí a dhéanamh a shainaithint, m.sh. *Comhpháirt tionscadail a choigeartú atá mícheart de bharr tosca athraitheacha le linn a dhéanta m.sh. méid athraitheach píosa* | 2.9 - táirge/dearadh reatha a chur in oiriúint<br><br>2.10 - teicnící bunúsacha bainistíochta tionscadal a chuimsiú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | *amháin atá mícheart de bharr mí-airimh ar cheann eile*<br><br>3.45 - Iarmhairtí cinntí a rinneadh a fhiosrú, a fhad is atáthar á gcur i bhfeidhm agus nuair a chuirtear i gcrích iad araon, *m.sh. Na príomhchéimeanna a phleanáil a theastaíonn chun tasc praiticiúil a dhéanamh bunaithe ar thaithí* | |
| Ag Maireachtáil i bPobal | Caidrimh dhearfacha a chothú | 4.4 - Bealaí inar mhaith leis go gcaithfí leis a aithint/liostú, m.sh. *Cleachtais chuí oibre a liostú le linn a bheith ag obair le daoine eile ar thasc*<br><br>4.6 - Páirt a ghlacadh go comhoibríoch i ngrúpa, m.sh. *Páirt a ghlacadh i dtasc grúpa amhail tasc fadhbréitigh grúpa* | 3.7 - córas bunúsach meicitreonaice a dhearadh leis féin nó go comhoibritheach |
| | Áiseanna áitiúla a úsáid | 4.17 - Páirt a ghlacadh i dtionscadal pobail atá bunaithe sa scoil agus an rannpháirtíocht sin a thaifeadadh, *m.sh. An tionchar a fhiosrú a bhíonn ag an teicneolaíocht ar an domhan thart orainn trí thasc dear agus déan* | 2.9 - táirge/dearadh reatha a chur in oiriúint<br><br>2.12 - a chinntí dearaidh a chur in iúl le meáin oiriúnacha |
| | Cúnamh agus comhairle a lorg | 4.19 - Cur síos a dhéanamh ar chur chuige na scoile chun eachtra a thuairisciú, *m.sh. Cur síos ar an rud is cóir a dhéanamh má bhíonn taisme ag scoláire le linn dó uirlis / inneall a úsáid*<br><br>4.22 - Cuairt a thabhairt ar eagraíocht pobail áitiúil agus comhairle a lorg, m.sh. *Cuairt a thabhairt ar chomhlacht innealtóireachta / déantúsaíochta agus comhairle a iarraidh ar ábhar a aimsiú nó ar tháirge a dhearadh* | 1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo<br><br>1.5 - taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna na bhforbairtí teicneolaíochta reatha agus atá ag teacht chun cinn<br><br>1.6 - dul i ngleic le disciplíní innealtóireachta éagsúla ach iad a chur I bhfeidhm ar fheidhmeanna laethúla |
| | Roghanna tomhaltóra a dhéanamh | 4.26 - Lipéid ar phacáistí, éadaí srl. a shainaithint, m.sh. *Comharthaíocht sábháilteachta sa cheardlann a aithint amhail comharthaíocht choitianta TCP*<br><br>4.27 - Na comharthaí agus na siombailí is tábhachtaí ar lipéid a aithint, m.sh. *Siombailí / grafaicí tábhachtacha a aithint ar leachtanna guaiseacha amhail ola / snas* | 1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ag Ullmhú don Obair | Bheith in ann spriocanna a shocrú don fhoghlaim | 5.1 - Spriocanna foghlama a shocrú, *m.sh. Plean oibre a leagan amach chun tionscadal a dhéanamh*<br><br>5.2 - Plean foghlama a chruthú lena n-áirítear na céimeanna agus an tréimhse is gá chun é a chríochnú. An plean a nascadh le plean oideachais don scoláire aonair<br><br>5.3 - An plean a chur i bhfeidhm, *m.sh. Cloí le creataí ama i bplean oibre*<br><br>5.4 - Tuairimí a chur in iúl faoin gcaoi gur féidir feidhmíocht a fheabhsú, *m.sh. Meastóireacht a dhéanamh ar phíosa oibre atá déanta acu agus míniú a thabhairt ar na gnéithe a rinne siad go maith agus cad é a thiocfadh leo a fheabhsú* | 1.1 - na coincheapa agus na cuir chuige a theastaíonn chun fadhb innealtóireachta a réiteach a thuiscint<br><br>2.1 - na príomhchéimeanna i bpróiseas dearaidh na hinnealtóireachta a thuiscint<br><br>2.9 - táirge/dearadh reatha a chur in oiriúint<br><br>2.10 - teicnící bunúsacha bainistíochta tionscadal a chuimsiú |
| | Fáil amach | 5.6 - Trí dheis fostaíochta áitiúla a liostú<br><br>5.7 - Cur síos a dhéanamh ar bhealach amháin ina bhfaigheann daoine post nó a rogha cúrsa, *m.sh. Taighde a dhéanamh ar líne nó comhairle a iarraidh ó mhúinteoir gairmthreorach conas is féidir le duine teacht isteach ar ghairm a bhaineann le hinnealtóireacht*<br><br>5.8 - Poist féideartha a bhfuil spéis aige ann a liostú agus eolas a aimsiú faoi riachtanais<br><br>5.9 - Cuairt a thabhairt ar fhostóir áitiúil agus an chuairt a athbhreithniú, *m.sh. Cuairt a thabhairt ar chomhlacht áitiúil innealtóireachta / déantúsaíochta agus tuairisc a thiomsú ar na gnéithe is suimiúla den chuairt* | 1.5 - taighde a dhéanamh ar fheidhmeanna na bhforbairtí teicneolaíochta reatha agus atá ag teacht chun cinn |
| | Ag réiteach do ghníomhaíocht a bhaineann le hobair | 5.16 - Taifead a choinneáil de na tascanna a cuireadh i gcrích i ndialann, *m.sh. Liosta a choimeád den obair atá le críochnú de réir mar a bhítear ag obair ar dhéantán praiticiúil* | 2.10 - teicnící bunúsacha bainistíochta tionscadal a chuimsiú |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Feasacht faoi shláinte agus sábháilteacht maidir le trealamh a úsáid a fhorbairt | 5.17 - Samplaí a thabhairt de chleachtais shábháilte i dtrí ionad oibre ar leith, *m.sh. Samplaí a thabhairt de réamhchúraimí sábháilteachta a ba ghá do tháthaire, feisteoir cruaiche, meicneoir a leanúint*<br><br>5.18 - Gach uirlis agus trealamh a úsáid i gceart agus go sábháilte i réimse ranganna praiticiúla<br><br>5.19 - Cur síos a dhéanamh ar threalamh leictreach agus é a úsáid i gceart agus go sábháilte i réimse ranganna praiticiúla<br><br>5.20 - Gach uirlis, ábhar agus trealamh a stóráil go sábháilte<br><br>5.21 - Na gnásanna difriúla maidir le féinchosaint ag an obair a liostú<br><br>5.22 - Na bealaí éalaithe dóiteáin ar scoil a shainaithint<br><br>5.23 - Na treoracha i gcleachtadh dóiteáin a leanúint | 1.2 - raon próisis déantúsaíochta a thaispeáint<br><br>1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo<br><br>1.8 - uirlisí agus trealamh atá oiriúnach do thasc ar leith a aithint<br><br>1.9 - próisis déantúsaíochta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun innealtóireacht a dhéanamh ar tháirge |
| | Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair | Eolas cúlra a bhailiú chun cabhrú le pleanáil na gníomhaíochta agus páirt a ghlacadh ann, m.sh. *Ábhair, uirlisí agus trealamh a ainmniú a theastaíonn chun tasc a thugtar a chur i gcrích*<br><br>Roinnt céimeanna atá le déanamh chun an ghníomhaíocht a chur i gcrích go rathúil a chur in ord<br><br>Ról a ghlacadh sa ghníomhaíocht agus tascanna a bhfuil baint acu leis an ról a shainaithint<br><br>Eochairfhocail a bhaineann leis an ngníomhaíocht a úsáid i gceart, m.sh. *Gardaí inneall a dhúnadh*<br><br>Gnásanna sábháilteachta agus/nó ceadanna is gá don ghníomhaíocht a shainaithint | 1.4 - na hairíonna a bhaineann le raon ábhair innealtóireachta a thuiscint<br><br>1.9 - próisis déantúsaíochta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun innealtóireacht a dhéanamh ar tháirge<br><br>2.10 - teicnící bunúsacha bainistíochta tionscadal a chuimsiú<br><br>3.7 - córas bunúsach meicitreonaice a dhearadh leis féin nó go comhoibritheach<br><br>1.13 - an teanga agus na nodaireachtaí teicniúla cuí a úsáid<br><br>1.3 - na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a aithint agus cloí leo<br><br>1.8 - uirlisí agus trealamh atá oiriúnach do thasc ar leith a aithint<br><br>1.9 - próisis déantúsaíochta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun innealtóireacht a dhéanamh ar tháirge |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Foghlaim conas uirlisí nó trealamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht a úsáid go sábháilte agus i gceart<br><br>Páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht<br><br>An ghníomhaíocht a athbhreithniú chun a rath a mheasúnú<br><br>Éifeachtúlacht a ról féin sa ghníomhaíocht a mheasúnú | 1.2 - raon próisis déantúsaíochta a thaispeáint<br><br>2.8 - táirge a dhéanamh ó líníocht oibre<br><br>2.9 - táirge/dearadh reatha a chur in oiriúint<br><br>3.8 - córas bunúsach meicitreonaice le hionchuir nó aschuir shonracha a thógáil agus a thástáil |

*** Is 'indéanta' an cur síos ar na naisc atá sa doiciméad seo ó tharla gurb iad na múinteoirí / na ranna ábhair is fearr a dhéanfaidh na naisc dhíreacha chuí leis na torthaí foghlama CFL2 is dóigh leo a bheith oiriúnach dá gcuid scoláirí**